



Tuarascáil Bhliantúil 2024

Bríomhar | Ilchineálach | Nuálach



lwetb

*Bord Oideachais agus Oiliúna
an Longfoirt agus na hIarmhí*
Longford and Westmeath
Education and Training Board



Clár na nÁbhar

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	3
Aitheasc an Chathaoirligh	4
Feidhmeanna Bhord BOOLI	5
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird Comhaltaí	5
Bord BOOLI Eanáir - Nollaig 2024	6 - 8
Ráitis Airgeadais 2024	9 - 10
Príomhstaitisticí BOOLI	11 - 12
Tuarascáil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2024	13 - 14
Láthair Seirbhísí BOOLI	15
Miondealú Foirne BOOLI	16
Cairt Eagraíocht BOOLI	17
Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna	
Straitéiseacha BOOLI	18 - 20
Tuarascáil 2024 - Breisoideachas agus Oiliúint	21 - 29
Tuarascáil 2024 - Scoileanna, Aonad Oibre Óige &	
Music Generation	30 - 46
Tuarascáil 2024 – Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta	47 - 53
Comhaontú Seachadadh 2024	54 - 56
Aguisín 1 - 2	57 - 59

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfort agus na hIarmhí (BOOLI) 2024 a chur i láthair. Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar sheirbhísí BOOLI, chomh maith lena thosaíochtaí straitéiseacha, pleananna gníomhaíochta agus na spriocanna a baineadh amach ar fud na seirbhísí go léir mar a leagtar amach i bPlean Seirbhíse BOOLI 2024. Tá an misean, na luachanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha mar a shainmhínítear i Ráiteas Straitéise BOOLI 2022-2026 mar bhonn agus mar thaca ag gach Plean Seirbhíse BOOLI agus cuireann sé bonn eolais faoi threo, fócas agus tosaíochtaí na heagraíochta.

In ainneoin dúshláin dhomhanda leanúnacha, lean Stiúrthóirí BOOLI de bheith ag feidhmiú ar bhealaí dinimiciúla, éagsúla agus nuálacha. Lean scoileanna, seirbhísí oideachais agus oiliúna, obair don aos óg, agus cláir oideachais ceoil BOOLI de bheith ag soláthar cláir ar ardchaighdeán i gcontaetha an Longfort agus na hIarmhí.

In 2024, lean meánscoileanna BOOLI de bheith ag bláthú agus tháinig méadú ar an líon scoláirí, faomhadh tionscadail mhóra tógála, rinneadh forbairt leanúnach ball foirne agus neadaíodh scoileanna BOOLI mar scoileanna stáit, comhoideachais, il-sainchreidmheacha a bhfuil croíluachanna na Sármhaitheasa san Oideachas, Cúram, Comhionannas, Pobal agus Meas mar bhuntaca leo.

Leanann soláthar Breisoideachais agus Oiliúna (FET) BOOLI de bheith ag dul ó neart go neart trí dheiseanna foghlama ar feadh an tsaol a chur ar fáil lena mbeidh foghlaimeoirí in ann barr a gcumais a bhaint amach. Áirítear ar phríomh-bhuaicphointí an faomhadh a fógraíodh don Ionad Acmhainneachta Soghluaiasteachta Náisiúnta a bhunófar sa Mhuileann gCearr. Nuair a bhunófar an t-ionad sin, cuirfear oiliúint ghinearálta agus speisialaithe feithiclí leictreacha ar fáil. Leanadh le tograí tógála leanúnacha ar Champais uile FET i rith na bliana, chun a chinntiú go mbainfidh ár bhfoghlaimeoirí taitneamh as timpeallachtaí foghlama den scoth.

Lean na seirbhísí óige ag stiúradh chomhordú an tsoláthair seirbhíse don óige sa Longfort agus san Iarmhí i gcomhréir le Plean Oibre don Aos Óg BOOLI 2022-2027. Cruthaíonn Music Generation eispéiris inspioráideacha do leanaí agus do dhaoine óga tríd an gceol, ach deiseanna a thabhairt chun ceol a chruthú, a sheinm agus a thaibhiú ina bpobail féin agus ar a dtéarmaí féin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann chumasach thréitheach BOOLI as a gcuid oibre, a ndúthracht agus a dtiomantas maidir le cláir oideachais, oiliúna, seirbhísí don aos óg, agus cláir oideachais cheoil d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt do Liz Lavery, an t-Iar-Phríomhfheidhmeannach, don Stiúrthóir SYM, don Stiúrthóir FET agus don Stiúrthóir OSD, agus dóibh siúd uile a bhfuil ról cheannaireachta acu ar fud na heagraíochta as a mbanseasmhacht chun a chinntiú go leanfar de na seirbhísí a sholáthar.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le comhaltaí Bhord BOOLI, Boird Bainistíochta Scoileanna, an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, Tascfhoirne agus grúpaí oibre éagsúla as a n-ionchur luachmhar agus a dtacaíocht dhiongbháilte do na scoláirí agus d'fhoghlaimeoirí sa Longfort agus san Iarmhí.

Brian Higgins
Príomhfheidhmeannach (Gníomhach), BOOLI

Aitheasc Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLE) 2024 a chur i láthair. Tugtar leis an tuarascáil mhionsonraithe seo léargais luachmhara ar réimse leathan gníomhaíochtaí a rinne scoileanna, ionaid, agus seirbhísí BOOLE le bliain anuas.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na páirtithe leasmhara uile as a dtacaíocht leanúnach do mhisean BOOLE. Gabhaim buíochas ar leith lenár bhfoireann dhíograiseach, a chuireann seirbhísí ardchaighdeán ar fáil lena gcuid iarrachtaí seasta, rud a chuireann le rath leanúnach ár bhfoghlaimeoirí agus ár scoláirí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do chomhaltaí Bhord BOOLE as a saineolas luachmhar agus as a dtiomantas neamhleithleach.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Liz Lavery, an t-Iar-Phríomhfheidhmeannach, le Brian Higgins, an Príomhfheidhmeannach Gníomhach, leis na Stiúrthóirí, agus le foireann uile BOOLE as a dtiomantas leanúnach agus iad ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach san oideachas agus oiliúint, rud a bhí lárnach i rath leanúnach ár bhfoghlaimeoirí agus ár scoláirí.

Bímis ag obair le chéile chun éachtaí níos fearr fiú a bhaint amach sna blianta atá romhainn.

An Comh. Aoife Davitt
An Cathaoirleach, Bord BOOLE

Ráiteas Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí faoin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú ceart a fheidhmeanna i gceantair údaráis áitiúil an Longfoirt agus na hIarmhí.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0083/2024. Is é cuspóir an chóid ná a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

Feidhmeanna an Bhoird BOOLI

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí a ghlacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0083/2024 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Agusín 2 den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Éilíonn Alt 51 den Acht sin ar BOOLI gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas maidir le hairgeadas a fhaigheann sé nó a chaitheann sé i bhfoirm agus le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta a d'fhéadfadh an tAire Oideachais a fhaomhadh le toil an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

Tá an Bord freagrach as leabhair cuntais chearta a choinneáil a nochtann riocht airgeadais an Bhoird, le cruinneas réasúnta ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i dtaoibh calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus riocht ghnóthaí an Bhoird i láthair i gceart.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar an mBord:

- Na beartais cuntasaíochta chaighdeánacha i dtaca le hullmhú ráitis airgeadais de chuid BOOLI a chur i bhfeidhm
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Aon seachrán ábhartha ó na beartais cuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Irith 2024 cheadaigh an Bord na doiciméid seo a leanas.

- An Tuarascáil Bhliantúil a ghlacadh
- Ráitis Airgeadais
- An Plean Seirbhíse a ghlacadh
- Freastal údaraithe comhaltaí ag comhdhálacha
- Fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa ceadaithe de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Toghchán 2024 * féach nóta thíos

Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhlacht Ainmniúcháin
An Comh. Aoife Davitt (An Cathaoirleach)	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Gerry Hagan (An Leaschathaoirleach)	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. Frankie Keena	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Pat O'Toole	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. John Dolan	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Peggy Nolan	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. Michael Dollard	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Garry Murtagh	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. Ken Glynn	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Louise Heavin	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Denis Leonard	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Emily Wallace	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Colin Whyte	Ionadaí Foirne
Mary O'Brien	Ionadaí Foirne
Mark Murphy	Ionadaí na dTuismitheoirí
Kathleen McGahern	Ionadaí na dTuismitheoirí
Donie Cassidy	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Colm Harte	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Luke Casserly	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Josephine Donohue	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Niamh Ginnell	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire

Dátaí Cruinnithe Boird BOOLI

Le linn 2024, tháinig Bord BOOLI le chéile naoi (9) n-uaire agus leagtar na sonraí tinrimh amach in Aguisín 1

Dátaí cruinnithe Eanáir - Toghchán 2024	
9 Eanáir 2024	19 Márta 2024
20 Feabhra 2024	16 Aibreán 2024

*Tabhair faoi deara: Reáchtáladh toghchán i mí an Mheithimh 2024 inar bunaíodh Bord nua don dara leath de 2024.



Toghchán Chomhaltáí nua Bhord BOOLI - Nollaig 2024 *féach nóta thíos

Ainm Chomhaltáí an Choiste	Comhlacht Ainmniúcháin
An Comh. Aoife Davitt (An Cathaoirleach)	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Niall Gannon (An Leaschathaoirleach)	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. Frankie Keena	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Pat O'Toole	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. John Dolan	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Peggy Nolan	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. Michael Dollard	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Padraig McNamara	Tofa ag Comhairle Contae an Longfoirt
An Comh. Ken Glynn	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Alfie Devine	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Denis Leonard	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
An Comh. Emily Wallace	Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Owen Catterall	Ionadaí Foirne
Sheila Corcoran	Ionadaí Foirne
Mark Murphy	Ionadaí na dTuismitheoirí
Josephine Donohue	Ionadaí na dTuismitheoirí
Donie Cassidy	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Colm Harte	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Luke Casserly	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Olivia Callaghan	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Niamh Ginnell - D'éirigh as oifig 15/10/2024 le deimhniú	Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire

Dátaí Cruinnithe Boird BOOLI

Le linn na bliana tháinig Bord BOOLI le céile naoi (9) n-uaire agus leagtar sonraí tinrimh amach in Aguisín 1

Dátaí cruinnithe Toghchán go Nollaig 2024	
20 Lúnasa (Tar éis an toghcháin agus an 2ú Cruinniú)	15 Deireadh Fómhair 2024
16 Meán Fómhair 2024	19 Samhain 2024

*Tabhair faoi deara Reachtáladh toghchán i mí an Mheithimh 2024 inar bunaidh Bord nua don dara leath de 2024.



Cruinnithe agus Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca 2024

Comhaltaí an Choiste Airgeadais * Féach nóta thíos

Le linn na bliana tháinig Coiste Airgeadais BOOLI le chéile ceithre (4) huaire agus leagtar na sonraí tinrimh amach in Aguisín 2

Comhaltaí an Choiste Airgeadais (Eanáir - Toghchán 2024)	Dátaí cruinnithe (Eanáir - Toghchán 2024)
An Comh. John Dolan	18 Eanáir 2024
An Comh. Michael Dollard	15 Feabhra 2024
An Comh. Pat O'Toole	14 Márta 2024
John Duffy	
Hugh Farrell	
Ann Nugent	

Comhaltaí an Choiste Airgeadais nua (Toghchán - Nollaig)	Dátaí cruinnithe (Toghchán - Nollaig 2024)
An Comh. John Dolan	5 Nollaig 2024
Pat McCarrick	
An Comh. Pat O'Toole	
Pat O'Rourke	
Eamon Reilly	

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca * Féach nóta thíos

Le linn na bliana tháinig Coiste Iniúcháireachta agus Riosca BOOLI le chéile cúig (5) huaire agus leagtar na sonraí tinrimh amach in Aguisín 2

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (Eanáir - Toghchán 24)	Dátaí cruinnithe (Eanáir - Toghchán 24)
Donie Cassidy	5 Eanáir 2024
Kathleen McGahern	26 Eanáir 2024
John Francis Duffy	1 Márta 2024
Pat O'Rourke	
Gerard Quirke	26 Aibreán 2024
An Comh. John Dolan	

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca nua (Toghchán - Nollaig)	Dátaí Cruinnithe (Toghchán - Nollaig 24)
Donie Cassidy	6 Nollaig 2024
John Francis Duffy	
Hugh Farrell	
Colm Harte	
Gerard Quirke	
Eamon Temple	

*Tabhair faoi deara Reachtáladh toghchán i mí an Mheithimh 2024 inar bunaíodh Coiste Airgeadais nua agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca nua don dara leath de 2024.



Ráitis Airgeadais 2024

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) tráth fhoilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2024. Foilseoidh BOOLI na ráitis airgeadais iniúchta a luaithis indéanta tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil

- Sonraí táillí nach táillí tuarastail iad a íoctar i leith Chomhaltaí an Bhoird a ndéantar anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí
- Sonraí comhiomlána an chúitimh ar phríomhbhainistíocht, a ndéantar anailís orthu de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán:
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
- Sochair iarfhostaíochta
- Sochair foirceanta
- Cúiteamh don phríomhbhainistíocht, más ann dó
- Tugtar sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochar iomlán fostaithe (gan costais phinsin an fhostóra a áireamh) idir €0 agus €59,999 agus i mbandaí pá €10,000 agus ó €60,000 os a chionn, chomh maith le figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra.

Ilchineálacht agus Ionchuimsiú

Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird*

Ar an 31 Nollaig, bhí 6 (29%) comhalta baineann agus 14 (67%) comhalta fireann ar Bhord Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI), agus post amháin fós le líonadh.

Dá réir sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar chothromaíocht inscne agus chun tacaíocht a thabhairt di ar an mBord seo: leanfaidh BOOLI gach dea-chleachtas agus ionadaithe nua á lorg de réir mar a fhágann nó a éiríonn comhaltaí as. Cuirfear tacaíocht agus oiliúint ar fáil chun a chinntiú gur féidir le gach comhalta boird páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas agus go mbeidh eolas soiléir acu ar a ndualgais iontaobhais.

Tá BOOLI tiomanta chun héagsúlachta agus na cuimsitheachta a chur chun cinn, lena n-áirítear cothromaíocht inscne, mar a léirítear inár Ráiteas Straitéise 2022–2026. Is príonsabail lárnacha iad combhionannas agus cuimsitheacht do BOOLI agus tá siad mar bhunús le gach tosaíocht agus seirbhís a sholáthraímid.

Sa Thuarascáil um Bhearna Pá Inscne 2024 ag BOOLI, aithnítear bearna pá inscne meánach agus meántheorann i bhfabhar fostaithe fireann, i gcás fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha araon. Seo a leanas miondealú foriomlán inscne BOOLI in 2024: Fireann 32.22%, Baineann 67.78%.

D'óstáil BOOLI roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear Oiliúint um Fheasacht ar Mhíchumas chun cuimsiú foirne agus foghlaimoírí faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus chun ár dtuairisciú bliantúil daonáirimh foirne a neartú de réir an Achta um Míchumas 2005. Rinne BOOLI oiliúint freisin ar chlaontacht neamhfhiosrach, i gcás oiliúna agallaimh d'agallóirí agus mar mheasúnú ginearálta do fhoireann na Príomhoifige.

*Tabhair faoi deara gur bunaíodh Bord BOOLI i Meán Fómhair 2024. Glacadh le Cód Cleachtais 2024 maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna a eisíodh i mí na Samhna 2024 (CL 0083/2024) ag cruinniú Bhord BOOLI an 21 Eanáir 2025.



Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí tiomanta do Spriocanna na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach. Tuairiscíonn BOOLI ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an tsainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide. Léirítear leis an mbearna atá ann sa sprioc BOOLI faoi láthair go mbainfidimid spriocanna 2030 amach roimh 2030. Comhlíonann BOOLI ceanglais chiorclán 1/2020.

Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2024. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca cúnaimh don Bhord ina fheidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord ar an Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí (IAU) freisin agus ar a thuarascálacha agus ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iníúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh ESF agus/nó Iníúchadh ar Ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Pléitear Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Bhord agus cuimsítear na nithe seo a leanas sa phlé sin:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach, an Príomhoifigeach Riosca (CRO) san áireamh
- Tuarascálacha an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- An Clár Iníúchta

Cuireadh sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe a ghabhann leo san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta. Foilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

An Córas um Rialú

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Deimhníonn an Bord go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iníúchadh seachtrach críochnaithe, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a chuirfear faoi bhráid an Aire. Deimhníonn an Bord go bhfoilseofar na Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Beartas agus Gnásanna Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sí go gcloítear leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorporáidigh.

Cánach

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon BOOLI a oibleagáidí faoin dlí cánach.

Próifíl BOOLI

Bunaíodh BOO an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus is é an t-údarás áitiúil reachtúil, oideachais agus oiliúna do chontaetha Longfoirt agus na hIarmhí é. Soláthraíonn BOOLI raon leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear:

- Bunscoil
- Iar-Bhunscoileanna agus Coláistí
- Iar-Ardteistiméireacht
- Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí don Ógra
- Music Generation
- Comhphátrún dhá Phobalscoil

Tá BOOLI á rialú ag Bord ar a bhfuil 21 comhalta. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an mBord chomh maith, Coiste Airgeadais, Coiste Comhairleach Óige agus Comhpháirtíocht Áitiúil um Oideachas Ceoil, atá comhdhéanta de chomhaltaí seachtracha chomh maith le comhaltaí Boird. Tugann Boird Bhainistíochta i ngach ceann de na 8 iar-bhunscoil agus 1 bunscoil de chuid BOOLI tacaíocht bhreise d'obair an Bhoird. Tá feidhmeanna ginearálta BOO sonraithe san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá ceannoifig BOOLI lonnaithe sa Mhuileann gCearr. Soláthraíonn na hoifigí seo tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, seirbhísí corparáideacha, foirgnimh, rialachais, planála agus ceannaireachta le haghaidh gach soláthar oideachais a chuireann BOOLI ar fáil.

Tá eolas ar an raon iomlán soláthar oideachais agus oiliúna a chuireann BOOLI ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.lwetb.ie



Príomhfhórais agus Príomhfhóiracha BOOLEI

Scoileanna

	Líon Príomhláithreacha	Líon na Rannpháirtithe
Daltaí Bhunscoile	1	308
Daltaí Iar- Bhunscoile	8	3,618
Ionad Oideachas Sóisearach, Naomh Antaine	1	12
Iomlán	10	3,938

Seirbhísí Eile

	Líon Príomhláithreacha	Líon na Rannpháirtithe
Daltaí Iar-ardteisiméireachta	1	436
Cúrsaí Óiche Féin-mhaoinithe	1	371

Breisoideachas agus Oiliúint

	Líon Príomhláithreacha	Líon na Rannpháirtithe
Tairbhíthe atá ag freastal ar Chláir BOOLI	11	13,173
Tairbhíthe Seirbhísí FET eile	3	8,632
Iomlán	14	21,805

Seirbhísí Óige

	Líon Príomhláithreacha	Líon na Rannpháirtithe
Clubanna faoi stiúir oibríthe deonacha	33	1,404
Seirbhísí Óige faoi stiúir na hÓige	9	3,003
Iomlán	42	4,407

Music Generation

	2	9,343
--	---	-------




Gníomhaíocht Aeráide

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

- Faoi 2023, tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh BOOLI de 45.4% ó bhliain bhunlíne 2009.
- Ní mór do BOOLI a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ach 4.6% eile chun a sprioc 2030 a bhaint amach spriocanna aeráide san earnáil phoiblí.
- Má chuirtear tionscadail a bheartaítear chun fuinneamh a shábháil chun feidhme, d'fhéadfadh feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú 18.5% faoi 2030.

Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh




Spriocanna Gníomhaíochta Aeráide

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus an hIarmhí tiomanta do spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach. Mar ghrúpa, tá comhoibriúnachtaí agus grúpaí tionscadail curtha ar bun againn ar fud na tíre chun oibriú ar thionscadail gníomhaíochta aeráide a chabhróidh linn ár spriocanna a bhaint amach.

Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh


Sprioc CO₂ Fosail



Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh

Spríoc iomlán CO2

Total CO2 target | Longford & Westmeath Education & Training Board



Láithreacht Seirbhísí BOOLI



Scoileanna

1. Ardscoil Phádraig, Gránard
2. Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain
3. Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin
4. Coláiste Pobail Bhaile na gCros
5. Coláiste Cholm Cille, Cill Liúcainne
6. Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
7. Coláiste Pobail an Mhuilinn gCearr (Soláthar PLC san áireamh)
8. Coláiste Theampall Mhichíl, Longfort (Soláthar PLC san áireamh)
9. Naomh Antaine, Baile Átha Luain
10. Scoil Náisiúnta Corr Na Madadh

Breisoideachas & Oiliúint

11. Campas Bhaile Átha Luain
12. Campas Bhaile Uí Mhatháin
13. Campas an Ghránard
14. Campas an Longfoirt
15. Campas an Bhaile Mharlainn
16. Campas Garraí an Chaisleáin
17. Campas an Dhealbhna
18. Campas an Chill Bheagáin
19. Campas Céide O'Growney

Oifigí Riaracháin

20. Ceannoifig BOOLI An Mhuileann gCearr

1,216 Ball Foirne

**3,938 Daltaí
Bunscoile & Daltaí
Iar-bhunscoile
371 Ranganna oíche
436 PLC**

**13,173
Foghlaimoirí
FET**

**Buiséad Bliantúil
thart ar
€105 milliún**



Miondealú Foirne BOOLI

Catagóir	2024
Múinteoirí Iar-Bhunscoile	493
Múinteoirí/Teagascóirí FET	178
Foireann Riaracháin	154
Comhordaitheoirí/Ceannasaithe Ionad	28
Oibrithe Acmhainne	15
Foireann Cothabhála	30
Foireann Tacaíochta (SNA)	88
Scrúduithe	120
Music Generation	36
Eile	74
Iomlán	1,216



Cairt Eagraíochta

Príomhfheidhmeannach
(Gníomhach)
Mr. Brian Higgins

Stiúrthóir Tacaíochta
Eagraíochta agus
Forbartha
Mr. Charlie Mitchell

Stiúrthóir Scoileanna
Ógra agus Ceoil
(Gníomhach)
Mr. Seamus Mohan

Stiúrthóir
Breisoideachais agus
Oiliúna
Ms. Antonine Healy

Ceannairí OSD
na réimsí seo a
leanas:

Acmhainní Daonna
Earcaíocht
Saoire
Pinsin
Párolla
Airgeadas
Cuntais iníochta
Taisteal agus Cothú
Seirbhísí
Corparáideacha RGCS
agus Saoráil Faisnéise
Beartais agus Nósanna
Imeachta Soláthar
Foirgnimh
Sláinte agus
Sábháilteacht
Gníomhú ar son
na hAeráide TFC
Tacaíocht riaracháin i
scoileanna agus in ionaid
FET

Ceannairí Scoile na
scoileanna seo a
leanas:

Pobalscoil Náisiúnta Chorr
na Madadh
Ardscoil Phádraig, Gránard
Coláiste Pobail Átha Luain
Gairmscoil Bhaile Uí
Mhatháin
Coláiste Pobail Bhaile na
gCros
Coláiste Columba, Cill
Liúcainne
Coláiste Pobail Bhéal Átha
Liag
Coláiste Pobail an
Mhuilinn gCearr Coláiste
Theampall Mhichíl an
Longfoirt
Scoil Naomh Antóin, Baile
Átha Luain
Seirbhísí Óige
Music Generation

Ceannairí Breisoideachais
agus Oiliúna na gcúrsaí seo a
leanas:

Trasoiliúint/Bunoiliúint
Tréimhsí Oiliúna
Printíseacht Oiliúna
Sainscileanna
Scileanna chun Dul Chun
Cinn
Oiliúint Tráthnóna
Ionaid Oiliúna Phobail
Soláthróirí Oiliúna Speisialaithe
Ceardlann Ceartais
Litearthacht Daoine
Fásta
Dianteagasc san
Oideachas Bunata
Aosach (ITABE)
DEIS
Litearthacht do
Theaghlaigh
Oiliúint le haghaidh
na hOibre
ESOL
Tionscnamh um
Fhilleadh ar an
Oideachas
Oideachas Pobail
Ógtheagmháil
Seirbhís Treorach d'Aosaigh
Seirbhís Earcaíochta Foghlaimoira
Seirbhísí Printíseachta
Seirbhísí do Ghnó
Litearthacht d'Aosaigh Réigiúnach
Reach



ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá bríomhar, éagsúil agus nualach



ÁR BHFÍS

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a sholáthar



ÁR LUACHANNA

Dírthe ar an bhFoghlaimoír Ceiliúran Cuimsiú Feidhmíonn le hIonracas



Ár Luachanna



Díríthe ar an bhFoghlaimoír

Cuirimid foghlaimoírí i gcoilár gach rud a dhéanaimid.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur chun tosaigh.
- Guth a thabhairt d'fhoghlaimeoirí.
- Córais agus modheolaíochtaí a athbheithniú agus a fhorbairt i gcónaí.
- Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith an oideachais.
- Luach saothair a bhronnadh ar obair chrua agus ar thiomantas.



Ceiliúránn Cuimsiú

Déanaimid an chomhionannas a cheiliúradh agus fáiltimid roimh gach foghlaimoír.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Glacadh le hilchinéalacht na bpobal.
- Deiseanna oideachais inrochtana a sholáthar.
- Oiriúnú do riachtanais na bpobal.
- Timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chinntiú don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí.
- Comhpháirtíochtaí a spreagadh ar fud na heagraíochta agus níos faide i gcéin.



Feidhmíonn le hIonracas

Oibrimid ar bhealach atá eiticíúil, trédhearcach agus cuntasach..

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Beartais agus córais trédhearcacha a bheith i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
- Cumarsáid oscailte a chinntiú.
- Ómós a thabhairt do gach ball den phobal.
- Freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha.
- Ceannaireacht a thabhairt le deashampla.



Treoraíonn le Nuálaíocht

Treoraíonn muid nuálaíocht trí smaointe nua a chothú agus cruthaitheacht a chur chun cinn.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Forbairt ghairmiúil a chur chun cinn i ngach réimse den eagraíocht.
- Cleachtas a athbheithniú i gcónaí.
- Oiriúnú do riachtanais athraitheacha.
- Tacú le hobair na gcomhghleacaithe.
- Dul i dteagmháil le soláthraithe clár nua agus nuálaíoch.
- Saoirse a thabhairt d'fhoghlaimeoirí



Tosaíochtaí Straitéiseacha

ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá bríomhar, éagsúil agus nuálach a sholáthar.

Fís: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidimáisiúnta a sholáthar

Dirithe ar an bhFoghlaim

Ceiliúránn Cuimsiú

Feidhmióinn le hIonrasc

Treoraíonn le Nuálaíocht

FOCHLAIMEOIRÍ

DAOINE

SEIRBHÍSÍ

EAGRAÍOCHT



Tosaíocht 1

Teagasc, Foghlaim, Measúnú ar Ardchaighdeán a chur ar fáil, Forbairt agus Eispéireas an Fhoghlaimora



Tosaíocht 2

Feabhas a chur ar Bhonneagar ar fud BOOLI



Tosaíocht 3

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú



Tosaíocht 4

Comhpháirtíochtaí a fheabhsú



Tosaíocht 5

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Shóisialta a fhorbairt



Comhaontú Seachadta Feidhmíochta Breisoideachais agus Oiliúna (FET) 2024

Tosaíocht 1 BOOLI	Spríoc BOOLI	Gníomhaíocht FET	Feidhmíocht FET	Spríoc FET	Spríoc FET a Baineadh Amach
1. Eispéireas Múinteoireachta, Foghlama, Measúnachta, Forbartha agus Foghlaimeora ar ardchaighdeán a chur ar fáil.	1.1 Barr feabhais a chur ar eispéireas an fhoghlaimeora trí chultúr comhoibrithe a chur chun cinn ina dtugtar cluas éisteachta do ghuth an scoláire, an fhoghlaimeora, na foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus ina gcuirtear an deis chun cinn le haghaidh a thabhairt ar an gcinnteoireacht laistigh de BOOLI.	Socraíonn na bainisteoirí líne cruinnithe foirne le haghaidh gach ball foirne.	Socraíonn an bainisteoir líne íoslíon cruinnithe foirne in aghaidh na bliana agus riachtanais foirne/róil á gcur san áireamh.	Tharla an t-íoslíon cruinnithe foirne.	Lean bainisteoirí FET de phlean sceidealaithe na gcruinnithe ball foirne agus cruinnithe campais le linn 2024. D'óstáil FET cruinnithe leathbhliantúla traschúrsa chomhordaitheoirí FET.
		Cuimsítear guth an fhoghlaimeora sa phróiseas cinnteoireachta laistigh de FET	Bailítear aiseolas trí rannpháirtíocht le foghlaimeoirí, trí shuirbhéanna agus trí fhóirne d'fhoghlaimeoirí.	Óstáil imeacht 'Aontas' um ghuth an fhoghlaimeora.	Le linn 2024, chuir Stiúrthóir FET tús le próiseas chun grúpaí fócais ilchlár a bhunú de rogha ar ócáid AONTAS a óstáil. Ba é tairbhe an chur chuige sin ná deis níos fearr a chur ar fáil chun aiseolas a bhailiú ó ionadaíocht níos leithne foghlaimeoirí nach mbeadh páirteach san ócáid AONTAS. Bailíodh aiseolas, cuireadh tuarascáil i dtoll a chéile agus dáileadh na torthaí. Cé go raibh roinnt mhaith gnéithe luachmhara ag baint leis an gcleachtadh, ba é an príomhthoradh a bhí air ná an t-aitheantas a tugadh d'oideoirí, Comhordaitheoirí agus foireann túslíne BOOLI a moladh go hard as a rannchuidiú le turas foghlaimeora rannpháirtithe na gcúrsaí.
		Slíte a fhiosrú chun guth an fhoghlaimeora a fheabhsú laistigh den Bhreisoideachas agus Oiliúint.	Áis tacaíochtaí foghlaimeora FET a dhearadh, a phleanáil agus a fhorbairt.	Aonad tacaíochta foghlaimeoirí a bhunú.	Bunaíodh aonad tacaíochta foghlaimeoirí i mí Eanáir 2024 arb é is cuspóir dó tacaíochtaí agus acmhainní a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne a bhíonn ag obair le foghlaimeoirí.
	1.2 Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chlár náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn, rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn.	Baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna a ainmniú agus a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh náisiúnta de réir mar is cuí.	Rannpháirtíocht baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna i dtionscnaimh náisiúnta.	Nuashonraigh clár ionadaíocht na foirne FET le haghaidh 2024.	Cuireadh clár ionadaíochta ball foirne FET le haghaidh 2024 i gcrích.
1.3 Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar deis dár bhfoghlaimeoirí agus scoláirí barr a gcumais a bhaint amach.	Tá Seirbhísí Earcaíochta agus Treorach d'Aosaigh an Bhreisoideachais agus Oiliúna ar fáil d'fhoghlaimeoirí reatha nó dóibh siúd ar mhaith leo roghanna breisoideachais agus oiliúna a fhiosrú ar mhaithe lena ngairm a fheabhsú.	Socraítear coinní le haghaidh cliant ar mhaith leo an tseirbhís a úsáid.	Baintear úsáid as Córas Tacaíochta um Foghlaimeoir Cláir (CTFC) agus as an gCóras Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh chun teagmháil le cliant a thaifeadadh.	Baineadh úsáid as Córas Tacaíochta um Foghlaimeoir Cláir (CTFC) agus an Córas Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh chun rannpháirtíocht cliant a thaifeadadh le linn 2024.	

		Tagann fás ar líon na bhfoghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna.	Cuirtear áiteanna breise ar fáil sna príomhsheirbhísí a bhfuil éileamh ag na foghlaimoirí orthu.	Tagann méadú 2% ar líon iomlán na bhFoghlaimoirí a fheastalaíonn ar chlár FET.	Tháinig méadú ar thairbhíthe FET ó 12,792 in 2023 go 13,173 in 2024 arb ionann sin agus méadú 2.97%.
		Cuirfear roghanna cláir nua ar fáil ar d'fhoghlaimoirí.	Bailíochtú na gclár leis na forais cháiliúcháin a chur chun cinn.	Bailíochtófar 3 chlár nua, ar a laghad.	Le linn 2024, rinne FET trí chlár nua a bhailíochtú i gcatagóir na scileanna glasa.
1.4 Tacú lenár n-ionaid agus lenár scoileanna chun próisis féinmheastóireachta agus dearbhaithe cáilíochta a leabú ar fud sheirbhísí BOOLI.		Tá Dearbhú Cáilíochta (DC) fite fuaite sa Bhreisoideachas agus Oiliúint.	Tacaíonn foireann a chuireann cabhair leanúnach ar fáil don bhainistíocht Breisoideachais agus Oiliúna, do Chomhordaitheoirí, do theagascóirí agus d'fhoghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna, le Dearbhú Cáilíochta laistigh den Bhreisoideachas agus Oiliúint.	Reáchtálfar sceideal sé chlinic DC dhíríthe le haghaidh baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna.	Reáchtáladh sceideal sé chlinic dhíríthe ar DC.
		Tá Dearbhú Cáilíochta (DC) fite fuaite sa Bhreisoideachas agus Oiliúint.	Caighdeánú an eolais DC le haghaidh gach foghlaimoir Breisoideachais agus Oiliúna.	Cuirfear faisnéis a bhaineann le DC ar fáil ar shuíomh gréasáin FET.	Tá faisnéis a bhaineann le DC ar fáil anois ar shuíomh gréasáin FET BOOLI a nuashonraítear agus a choimeádtar i rith na bliana.
		Athbhreithniú tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.	Plean Gníomhaíochta um Athbhreithniú Tionscnaimh a athbhreithniú agus a nuashonrú.	Plean Gníomhaíochta um Athbhreithniú Tionscnaimh le hathbhreithniú agus le cur faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann in 2024.	Rinneadh athbhreithniú ar Plean Gníomhaíochta um Athbhreithniú Tionscnaimh agus cuireadh faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann é in 2024.
		A chinntiú go dtacaítear le Rialachas DC agus go gcoimeádtar é.	Leanfaidh trí ghrúpa Rialachais DC orthu ag cruinniú.	Reáchtálfar íoslíon deich gcruinniú sna trí ghrúpa rialachais uile.	Reáchtáladh deich gcruinniú ar an iomlán i dtrí ghrúpa rialachais DC.
		Pobail chleachtais le bunú.	Dhá phobal cleachtais le bunú.	Tá cruinnithe sceidealaithe agus ar siúl.	Bunaíodh trí phobal cleachtais sna réimsí Ceannach go hÍocaíocht (P2P), Dearnadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) agus Seaimpíní EdTech.
		Tá cosaint leanaí mar thosaíocht i dtaca le soláthar agus seirbhísí FET a bhfaigheann daoine faoi 18 mbliana d'aois rochtain orthu.	Tá nósanna imeachta um chosaint leanaí agus daoine fásta soghonta leabaithe laistigh de FET.	Tá nósanna imeachta um chosaint leanaí agus daoine fásta soghonta athbhreithnithe.	Rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta Soghonta. Bhí BOOÉ le beartas nuashonraithe maidir le daoine fásta soghonta a thabhairt chun críche agus a dháileadh ar fud na hearnála le linn 2024 agus tá sé ag fanacht ar cheadú deiridh.
		1.5 A chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine gach scoláire agus foghlaimora, go gcomhlíontar rialacháin agus treoirínte go hiomlán, agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.	Cuirtear seirbhísí tacaíochta síceolaíochta ar fáil do gach foghlaimoir FET.	Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean forfheidhmithe lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach d'fhoghlaimoirí.	Cruinniú amháin ar a laghad a shocrú leis an soláthraí.

		Athbheithniú a dhéanamh ar fhorbairt chreat meabhairshláinte an fhoghlaimoira ar mhaithe le foghlaimoírí breisoideachais agus oiliúna.	Forbair Creat Meabhairshláinte an Fhoghlaimoira Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOOLI.	Píolótú a dhéanamh ar an gCreat.	Rinneadh píolótú ar an gcreat agus léiríodh é sin trí na himeachtaí dírithe ar fhoghlaimoírí a óstáladh agus/nó a cuireadh chun cinn le linn na bliana. Bronnadh dhá ghradam STAR ar FET in 2024.
		Tacú le tionscadal "Toiliú Gníomhach" de réir mar is cuí le haghaidh foghlaimoírí Breisoideachais agus Oiliúna.	Chríochnaigh gach ball foirne Ógtheagmhála oiliúint in 2023 agus tá siad á cur i bhfeidhm mar chuid dá gclár OSPS.	Athbheithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm "Toiliú Gníomhach" le foireann Ógtheagmhála.	Cuireadh an t-athbheithniú i gcrích agus is mar chuid den churaclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta, Sláinte in Ógtheagmháil atá an toiliú gníomhach anois.
Tosaíocht 2 BOOLI	Spríoc BOOLI	Gníomhaíocht FET	Feidhmíocht FET	Spríoc FET	Spríoc FET a Baineadh Amach
2. Bonneagar a fheabhsú ar fud BOOLI.	2.1 Foirgnimh agus áiseanna a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil don fhoireann agus d'fhoghlaimoírí.	Ceaptar plean oibreacha le haghaidh foirgnimh a úsáidtear le haghaidh FET.	Cuirtear oibreacha in ord tosaíochta agus cuirtear tús leo agus/nó críochnaítear iad sa bhliain 2024.	Buiséad €1,500,000 le bheith caite.	Caitheadh buiséad os cionn €1,500,000 ar thionscadail tógála a bhaineann le FET.
		Maoiniú le lorg ó SOLAS le haghaidh tionscadail bhonneagair/tógála.	Iarratais ar mhaoiniú le déanamh chuig SOLAS trí úsáid a bhaint as próiseas iarratais nua: a) Foirm Iarratais agus Cás Gnó an Chiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (CUBS) b) Teimpléad Tuarascála Meastóireachta Straitéisí (TMS) c) Foirm Iarratais le haghaidh Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta Éigeandála.	Trí iarratas ar a laghad le déanamh.	Cuireadh trí iarratas maidir le hOibreacha Sláinte agus Sábháilteacht Éigeandála faoi bhráid SOLAS agus tá siad ag céimeanna éagsúla ó thaobh breithniúcháin de maidir lena gceadú ag SOLAS agus an Roinn.
		Suíomhanna eile le fiosrú chun roinnt den soláthar Breisoideachais agus Oiliúna a athlonnú.	Iarratais léasa faofa ag SOLAS, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.	1 suíomh nua amháin le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna ar a laghad a bheith faofa.	Cé go ndearnadh iarratas agus go raibh rannpháirtíocht iomlán sa phróiseas, níor faomhadh é. Mar sin féin, bhíothas rannpháirteach sa phróiseas agus cuireadh i gcrích ina iomláine é.
		Tionscadal an Chiste um Aistriú Cóir a chur chun cinn.	Treoirínte agus spriocdhátaí maoinithe a chomhlíonadh, faomhadh cead pleanála a bhaint amach agus tús a chur leis an tógáil.	Daingníodh maoiniú breise agus críochnaíodh an obair thógála in 2024.	Rinneadh iarratas ar mhaoiniú agus d'fhaomh SOLAS agus DFHERIS é.
		Foirgnimh a shainaitheint le suirbhéireacht a dhéanamh ar an riocht atá orthu.	Tacú le próiseas soláthair chun seirbhísí gairmiúla a fháil ar chonradh chun tabhairt faoi Thuairiscí maidir le Suirbhéireacht ar Riocht Foirgnimh (SRF)	2 Thuairisc maidir le Suirbhéireacht ar Riocht Foirgnimh (SRF) a chur i gcrích.	Rinneadh Tuarascálacha maidir le Suirbhéireacht ar Riocht Foirgnimh (SRF) mar a socraíodh.

<p>2.2 Iniúchadh a dhéanamh ar leathnú seirbhísí BOOLI chuig Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí.</p>	<p>Maoiniú ó SOLAS a dhaingniú chun “Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí” a bhunú.</p>	<p>Freagra a thabhairt ar iarratais ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/SOLAS chun an Ciste Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh (SIUF) a cuireadh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/SOLAS in 2022 a chur chun cinn.</p>	<p>Próiseas le SIUF do chónascadh Champas Bhóthar Chluain Eamhain agus Charraig an Chaisleáin.</p>	<p>Rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas le haghaidh SIUF maidir le cónascadh Champas Bhóthar Chluain Eamhain agus Charraig an Chaisleáin.</p>
<p>2.3 Bonneagar TFC a chur i bhfeidhm agus a leathnú chun tacú le córais rialachais, córais Cosanta Sonraí, leanúnachas gnó agus bainistíocht riosca.</p>	<p>Cuireann FET leis an gcóras bainistíochta rioscaí.</p>	<p>Áirítear bainistíocht rioscaí FET i gcóras bainistíochta riosca iomlán BOOLI.</p>	<p>Déantar nuashonrú ar an gcóras bainistíochta riosca Breisoideachais agus Oiliúna gach ráithe.</p>	<p>Rinneadh nuashonrú ar an gcóras bainistíochta riosca FET ar bhonn ráithiúil.</p>
	<p>Plean TFC a fhorbairt le bainistíocht agus le comhordaitheoirí Breisoideachais agus Oiliúna.</p>	<p>Plean TFC bliantúil a chruthú agus na míreanna á gcur in ord tosaíochta faoi réir an bhuiséid atá ar fáil.</p>	<p>Seachadtar na míreanna tosaíochta agus/nó suiteáiltear iad.</p>	<p>Seachadadh na míreanna tosaíochta agus/nó suiteáiltear iad bunaithe ar bhuiséad 2024 a bhí ar fáil.</p>
<p>2.4 Córais chúí faisnéise agus tuairiscithe bainistíochta a fhorbairt ar fud BOOLI.</p>	<p>Córais faisnéise bainistíochta (Airgeadas).</p>	<p>Tuairiscí míosúla á gcruthú ag bainistíocht agus comhordaitheoirí FET chun bonn eolas a chur faoin bpleanáil airgeadais.</p>	<p>Tuairiscí míosúla á n-ullmhú agus á ndáileadh ar na coimeádaithe buiséid uile trí úsáid a bhaint as SharePoint.</p>	<p>Ullmhaíodh tuairiscí míosúla agus dáileadh iad ar na sealbhóirí buiséid uile agus úsáid á baint as SharePoint.</p>
	<p>Córais faisnéise bainistíochta (Neamhairgeadas).</p>	<p>Tuairiscí míosúla á gcruthú le go ndéanfadh bainistíocht agus comhordaitheoirí FET athbhreithniú orthu chun bonn eolais a chur faoi sheachadadh an tsoláthair.</p>	<p>Tuairiscí míosúla á n-ullmhú agus á ndáileadh trí úsáid a bhaint as SharePoint.</p>	<p>Ullmhaíodh tuarascálacha míosúla agus dáileadh iad ar na sealbhóirí buiséid uile agus úsáid á baint as SharePoint, MIS, Emails agus Tableau.</p>
	<p>Síníodh Comhaontú Feidhmiúcháin Straitéisigh (CFS) le SOLAS i gcomhair na tréimhse 2022-2024.</p>	<p>Obair a dhéanamh i dtreo sholáthar na spriocanna CFS faoi dheireadh na bliana 2024.</p>	<p>Spriocanna CFS 2024 a bhaint amach faoi dheireadh na bliana.</p>	<p>Sáraíodh spriocanna CFS i seacht réimse as ocht. An t-aon sprioc nár baineadh amach, bhain an sprioc sin 82% dá sprioc amach fós. Reáchtáladh pléití le SOLAS faoi na raonta a socraíodh maidir leis an sprioc sin a bhaint amach le haghaidh atriailta amach anseo.</p>
	<p>A chinntiú go bhfuil gach clár Breisoideachais agus Oiliúna ar fáil agus feiceálach do gach foghlaimoir féideartha.</p>	<p>Iarratas agus Tuairisciú i dtaca le Leithdháileadh an Mhaoinithe (ITLM) curtha i gcrích.</p>	<p>CTFC agus cúrsaí Fetch ag léiriú gach clár Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOOLI.</p>	<p>Léiríodh gach clár FET de chuid BOOLI le cúrsaí CTFC agus Fetch.</p>
